

Look West

Forbairt Réigiúnach Chothrom

Bonneagar Iompair

Rochtain Aer Idirnáisiúnta

Teileachumarsáid - Leathanbhanda

Bonneagar Fuinnimh

Fiontar agus Fostaíocht

Ciste Infheistíochta WDC

Agraibhia Orgánach

Turasóireacht

Fuinneamh In-athnuaite

Samhail Forbartha Tuaithe



Tuarascáil Bhliantúil 2005

www.wdc.ie

infheistíocht

forbairt

fás



Arna mhaoiniú ag Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006

Clár Ábhar

Brollach an Chathaoirligh	2
Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh	3
Réamhrá	4
Cuid 1 - Cruthú Post a Chothú agus a Chur Chun Cinn agus Scileanna a Aistriú chuig Réigiún an Iarthair	6
Cuid 2 - Timpeallacht Eacnamúil d'Ardchaighdeán a Chruthú trí Bhonneagar Eacnamaíochta Réigiúnach a Fheabhsú	8
Cuid 3 - Timpeallacht Ghnó d'Ardchaighdeán a Chruthú agus Tacú le Fiontraíocht Réigiúnach le Ciste Infheistíochta CFI	12
Cuid 4 - Tionscail Tuaithe Inbhuanaithe a Chur ar Bun sa Réigiún	18
Cuid 5 - Forbairtí Riaracháin	23
Aguisíní	
Aguisín 1 - Comhaltaí CFI	26
Aguisín 2 - Foireann CFI	27
Aguisín 3 - Comhaltaí FAP & JEP	28
Aguisín 4 - Punann Tionscadail 2005	29
Aguisín 5 - Giorrúcháin a Úsáidtear sa Tuarascáil seo	32

Brollach an Chathaoirligh



Is é an fórsa a threoraíonn Straitéis Choimisiún Forbartha an Iarthair (CFI) 2004-2006 i gcónaí ná timpeallacht a chruthú do Réigiún an Iarthair ina bhféadfar a bheith rannpháirteach go hiomlán i ngeilleagar nua-aimseartha.

I measc na ndúshlán atá amach roimh Réigiún an Iarthair atá an ghluaiseacht chuig geilleagar faisnéis-bhunaithe, an fás in earnála na tógála agus seirbhísí agus an meath atá ar na hearnála talmhaíochta agus déantúsaíochta.

Bainfidh cuideachtaí san Iarthar iomaíochas idirnáisiúnta méadaitheach amach trí thaighde agus nuálaíocht.

Tá ceithre aidhm straitéiseacha mar bhonn taca ag straitéis CFI:

- feachtas a chothú faoi na coinníollacha dearfacha maireachtála agus oibre atá le fáil i Réigiún an Iarthair;
- forbairt bonneagair réigiúnaigh straitéisigh a chur chun cinn;
- leanúint de thabhairt na tacaíochta do

thimpeallacht fiontraíochta agus cultúr den airgead fiontraíochta a fhorbairt trí Chiste Infheistíochta CFI;

- agus cur chuige nuálaíoch a chruthú ó thaobh tacú le fiontair thuaithe a fhorbairt agus a chothabháil.

Táimse sásta gur chuidigh CFI go mór, trína chuid oibre sa bhliain 2005, le todhchaí dhearfach a chruthú do mhuintir Réigiún an Iarthair.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo sin ar fad a d'oibrigh leis an CFI sa bhliain 2005, agus a thug tacaíocht dó, go háirithe an tUas. Éamon Ó Cuív, TD, Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta; mo chomhghleacaithe ar an gCoimisiún agus iad sin ar fad a bhí rannpháirteach i gCiste Infheistíochta CFI agus ar na painéil chomhairleacha éagsúla.

Ba mhaith liom moladh a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach Lisa McAllister agus lena foireann freisin as a dtiomantas agus as an méid ar éirigh leo a bhaint amach sa bhliain 2005.

Tá CFI ag tnúth le forbairt leanúnach a dhéanamh ar a chuid gníomhaíochtaí agus le bliain rathúil eile i 2006.

Michael Farrell
Cathaoirleach



Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh



Leagann an tuarascáil seo amach saothar CFI agus an méid ar éirigh leis a bhaint amach faoina Phlean Straitéiseach 2004-2006.

Bhí CFI i mbun an Tionscnaimh Look West i 2005 chun próifíl Réigiún an Iarthair a ardú agus spéis a mhúscailt

ann mar áit chónaithe, áit oibre agus mar áit chun gnó a dhéanamh. Bhí spéis mhór san fheachtas, agus tháinig aiseolas an-dearfach uaidh.

Tá Ciste Infheistíochta CFI ag dul ó neart go neart; tá €15 milliún infheistithe anois i 61 tionscadal ar fud chontaetha an Iarthair. D'éirigh go hiontach leis an mbainistiú a rinneadh ar airgead fiontraíochta, agus chuir sé ar ár gcumas an tIarthar a chur chun cinn mar réigiún tarraingteach i ngeilleagar an eolais. Tá sonraí faoin bpunann reatha agus na hinfeistíochtaí a rinneadh le fáil i gCuid 3.

Bhí anailís beartais ar bhonneagar rochtana fós ag fáil tús áite ó CFI i 2005. Rinne Ciste Infheistíochta CFI infheistíocht €1 milliún in Aerfort Iarthar na hÉireann Chnoc Mhuire

chun cur leis an saothar beartais atá ar bun againn an tábhacht atá le rochtain aeir idirnáisiúnta díreach isteach sa réigiún a chur chun cinn. Dhírigh fuilleach ár saothair bheartais ar fhorbairt réigiúnach chothrom, agus anailís ar bheartas fuinnimh agus teileachumarsáide.

Lean CFI ar feadh 2005 ar fad ag forbairt agus ag comhordú tionscadal forbartha tuaithe a raibh tábhacht leo go réigiúnach ó thaobh talamh-bhia orgánach a tháirgeadh, fuinneamh in-athnuaite agus turasóireacht (an ceann deiridh trí Chlár Turasóireachta Forbartha an Iarthair agus tionscnaimh an Bhosca Ghlais). Mar thoradh ar chur chuige onghníomhach CFI is ea a bhíonn na tionscadail a bhunaítear ina dhiaidh sin cruthaitheach agus nuálaíoch, agus cinntítear go leagtar amach iad ionas go mbeidh tionchar acu ar fhorbairt beartais agus chun cumas eacnamaíochta na n-earnálacha seo a fheabhsú i gceantair thuaithe.

Chuir CFI feabhas ar a chuid córas riaracháin i 2005, agus cuireadh fáilte mhór roimh na hathruithe a theastaigh chun feabhas leanúnach a chur ar an tseirbhís phoiblí. Rinne iniúchóirí inmheánacha imscrúdú ar chórais rialaithe airgeadais inmheánacha CFI faoin gCód Cleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit. Chloígh CFI le gach ceanglas cuí faoin gCód sin.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach, Michael Farrell; le comhaltaí an Choimisiúin agus leo siúd ar fad a bhí rannpháirteach i gCiste Infheistíochta CFI agus i bpainéil chomhairleacha éagsúla CFI as a dtacaíocht agus an spreagadh a thug siad ar feadh 2005. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil go háirithe le foireann CFI as a dtiomantas agus an méid a rinne siad do ghníomhaíochtaí an eagrais. Táim buíoch do na heagraíochtaí go léir agus na daoine aonair, i Réigiún an Iarthair agus go náisiúnta, a thug a gcuid ama agus a gcuid fuinnimh chun cuidiú le saothar CFI i 2005. Táimid ag tnúth le leanúint lenár gcuid oibre agus breis cúnamh a thabhairt chun Iarthar na hÉireann a fhorbairt amach anseo.

Is achoimre í an tuarascáil bhliantúil seo ar na príomhréimsí saothair ag CFI. Tá sí scríofa chomh soiléir agus chomh gonta agus is féidir. Iarraimse ar gach duine a bhfuil spéis acu i gcúrsaí forbartha i gContaetha an Iarthair an tuarascáil a léamh. Tá cáipéisí mionsonraithe a bhaineann leis an saothar a bhfuil cur síos air sa tuarascáil le fáil ar ár láithreán gréasáin (www.wdc.ie) nó ónár gcuid oifigí.

Lisa McAllister
Príomhfheidhmeannach

Réamhrá

Faoi réir théarmaí an Achta um Choimisiún Forbartha an Iarthair 1998, cuireann Coimisiún Forbartha an Iarthair (CFI) forbairt eacnamúil agus shóisialta chun cinn i Réigiún an Iarthair, chomh maith lena cothú agus a spreagadh. Tugann CFI freagra ar a chuid freagrachtaí reachtúla trí oibriú lena chinntiú go dtagann beartas agus cleachtas eacnamúil agus sóisialta go héifeachtúil le riachtanais fhorbartha chontaetha Dhún na nGall, Shligigh, Liatroma, Mhaigh Eo, Ros Comáin, na Gaillimhe agus an Chláir. Bhí buiséad oibriúcháin de €1.84 milliún ag CFI i 2005, agus é ag feidhmiú faoi shainchúram na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Feidhmeanna CFI

Díríonn CFI trína chuid gníomhaíochtaí beartais, forbartha agus infheistíochta ar aird a tharraingt ar dheiseanna agus tacú le tionscnaimh in earnálacha táirgiúla Réigiún an Iarthair, ina bhonneagar eacnamúil agus sna pobail tuaithe. Agus é i mbun oibre le Ranna Rialtais agus le gníomhaireachtaí, le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, agus le cuideachtaí, chomh maith le hearnálacha pobail agus deonacha, féachann CFI leo seo a leanas a bhaint amach:



Comhaltaí CFI: Ó chlé: Mary Devine O'Callaghan, Martina Minogue, Mary Bohan, Ray O'Donoghue, Katie Sweeney, Pádraic Ó Caomhánaigh, Des Mahon, Billy Grimes, Pat Gilmore, Greg Jackson, Lisa McAllister (Príomhfheidhmeannach), Michael Farrell (Cathaoirleach). Tá Tish Gibbons ar iarraidh as an ngrianghraf.


- a chinntiú go mbreithnítear riachtanais agus leasanna forbartha Réigiún an Iarthair ag na leibhéil is airde den Rialtas;
- gníomhartha beartais sóisialta agus eacnamaíochta a aithint, a mhonatóireacht agus a chur chun cinn atá éifeachtach chun sásamh ar an riachtanas an réigiúin i dtaca le forbairt inbhuanaithe agus a bhaineann an leas is mó as a chuid acmhainní daonna agus fisiciúla;
- tionscnaimh réigiúnacha a chothú agus a spreagadh in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear na hearnálacha gnó, pobail agus deonacha agus na húdaráis áitiúla;
- a chinntiú go gcoinníonn an réigiún an seasamh iomaíoch atá aige; fáil réidh le bearna maoinithe sa réigiún, trí bhainistiú a dhéanamh ar an gciste iasachta agus fiontair chaipitil ar fiú €34.4 milliún é agus ar a dtugtar Ciste Infheistíochta CFI.

Struchtúr CFI

Tá dhá chomhalta dhéag ar Choimisiún Forbartha an Iarthair ar cheap an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta iad.

Faigheann CFI tacaíocht ó fheidhmeannacht atá lonnaithe in Dillon House, Bealach an Doirín, Contae Ros Comáin. Tá struchtúr fheidhmeannacht 15 comhalta an choimisiúin le feiceáil thíos. Déanann foirne tionscadail seachadadh ar shaothar gníomhaíochta ar foireann beartais, forbartha agus infheistíochta a bhíonn iontu den chuid is mó. Faigheann feidhmeannaigh lánaimseartha tacaíocht ó fhoireann conartha, nuair a bhíonn gá leis sin.

Figiúr 1. Struchtúr eagrúcháin CFI



Aidhmeanna Straitéiseacha CFI

Lean CFI ag bunú a chlár oibre le linn 2005 ar thionscnaimh a thacaíonn lena chuid aidhmeanna straitéiseacha d'fhonn:

- cruthú post a chur chun cinn agus a chothú agus scileanna a aistriú chuig Réigiún an Iarthair;
- cuidiú le timpeallacht eacnamúil agus shóisialta d'ardchaighdeán a chruthú trí aird a tharraingt agus tacú le deiseanna feabhsúcháin i mbonneagar iompair, cumarsáide agus fuinnimh Réigiún an Iarthair;
- cruthú timpeallachta fiontair phobail agus gnó-bhunaithe d'ardchaighdeán a spreagadh ar fud Réigiún an Iarthair go léir;
- fiontair bhríomhara agus inbhuanaithe a chruthú i gceantair thuaithe Réigiún an Iarthair.

Cuid 1: Cruthú Post a Chothú agus a Chur Chun Cinn agus Scileanna a Aistriú chuig Réigiún an Iarthair

An Feachtas Look West

Léiríodh suim mhór san fheachtas Look West i 2005 a seoladh ag deireadh na bliana 2004. Is í aidhm an fheachtais Réigiún an Iarthair a chur chun cinn mar áit chónaithe, áit oibre agus mar áit chun gnó a dhéanamh. Is daoine aonair agus gnólachtaí lasmuigh den réigiún atá mar sprioc-lucht féachana ag an bhfeachtas.

Fógraíocht

Bhí cúig thréimhse fógraíochta Look West ann le linn 2005, agus mhair gach ceann acu ar feadh coicíse. Cuireadh ar bun iad sin thar thréimhsí saoire bairc i mí Eanáir, i mí an Mhárta, i mí Bealtaine, mí Iúil agus i mí na Samhna agus bhí siad seo a leanas ina measc:

- cláir fógraí, fógraí raidió, fógraíocht sna meáin i bpáipéir nuachtáin náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla i mBaile Átha Cliath;
- brat-fhógraí ar phríomhláithreáin ghréasáin maoine agus earcaíochta.

Caidreamh Poiblí

Fuair an fhógraíocht tacaíocht ó fheachtas caidrimh phoiblí leanúnach a spreag spéis na meán náisiúnta agus réigiúnach. I measc chlúdach na meán a bhí:

Fógraíocht Look West a úsáideadh i 2005



- agallaimh ar stáisiúin raidió náisiúnta agus áitiúla;
- píosaí sna meáin náisiúnta agus réigiúnacha.

Chuaigh spéis na meán i méid le linn an tsamhraidh agus mar thoradh air sin tháinig méadú ar líon na ndaoine a thug cuairt ar láithreán gréasáin an fheachtais www.lookwest.ie. Tugann sé sin eolas

ginearálta ar Réigiún an Iarthair, agus cuireann sé naisc ar fáil chomh maith chuig 22 láithreán gréasáin do bhailte ar fud na seacht gcontae.

Cinntíonn comhpháirtíocht CFI leis na húdaráis áitiúla sa réigiún go gcuirtear naisc ar fáil chuig láithreáin ghréasáin chuimsitheacha do bhailte. Bítear ag cur breis bailte leis an suíomh sin i gcónaí.

Athbhreithniú Leanúnach

Choinnigh CFI an feachtas Look West faoi athbhreithniú d'fhonn imthosca agus tuairimí athraitheacha a léiriú. Thug an eagraíocht cuireadh d'eochair-leasanna ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha sa réigiún chuig seisiún timpeall an bhoird ar an bhfeachtas Look West agus treoir an fheachtais amach anseo. I measc na ndaoine a d'fhreastail air a bhí ionadaithe as gníomhaireachtaí forbartha fiontair, institiúidí tríú leibhéal, eagraíochtaí gnó, as Boird Fhorbartha Contae agus as aerfoirt.

Chuir CFI sraith cruinnithe ar bun freisin le hoifigigh Alumni/gairme institiúid tríú leibhéal an réigiúin, agus thionóil siad cainteanna ar leith le gníomhaireachtaí forbartha fiontair agus le fiontar príobháideach d'fhonn chur chuige coiteann a thógáil ó thaobh an réigiúin a chur chun cinn do spriocghrúpaí difriúla. Tionóladh ceardlann Look West i Meán

Cuid 1: Cruthú Post a Chothú agus a Chur Chun Cinn agus Scileanna a Aistriú chuig Réigiún an Iarthair

Fómhair a tharla ag an am céanna a seoladh Tuarascáil Bhliantúil 2004 i nDún na nGall. Bhreithnigh ceardlann eile a bhí ar siúl i mí na Nollag treoir an fheachtais i 2006.

I measc na bpríomhriachtanas a aithníodh sna ceardlanna a bhí an gá a bhí le heolas ar dheiseanna fostaíochta sa réigiún agus le cástaidéir bhreise de dhaoine agus de ghnólachtaí ar éirigh go maith leo nuair a d'athlonnadh siad sa réigiún. Tabharfar aghaidh ar na ceisteanna sin i bhfeachtas 2006.

Forbairt Réigiúnach Chothrom a Chur Chun Cinn

Rinneadh forbairt mhór i 2005 ar bheartas eacnamaíochta agus sóisialta. Chuaigh an comhaontú comhpháirtíochta náisiúnta, Coinneáil an Dul Chun Cinn in éag ag deireadh 2005, agus cuireadh tús leis an bpleanáil chun comhaontú nua a phlé i 2006. D'fhoilsigh an Chomhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta Straitéis NESC 2006 mar

chomhthéacs don chomhaontú nua le linn na bliana¹. Fógraíodh i lár na bliana go n-ullmhófaí plean nua in áit an Phlean Forbartha Náisiúnta reatha i 2006 chun an tréimhse 2007-2013 a chlúdach, agus comhaontaíodh Rialachán Forbartha Tuaithe nua san Eoraip ag deireadh na bliana faoin gComhbheartas Talmhaíochta.

Sa chomhthéacs sin, dhírigh saothar beartais CFI i 2005 ar aird a tharraingt ar an bhfáth agus an chaoi a bhfuil difríochtaí réigiúnacha ann, agus conas is fearr forbairt níos cothromaí a bhaint amach. Leis sin ab ea a chuathas i mbun oibre le ranna Rialtais, leis na comhpháirtithe sóisialta, le gníomhaireachtaí stáit, údarais réigiúnacha, coláistí tríú leibhéal agus le leasanna eile chun iniúchadh agus béim a chur ar conas a d'fhéadfadh forbairt a bheadh ní ba chothromaí ó thaobh spáis chun cuidiú le spriocanna náisiúnta iomaíochta, inbhuaine agus uilechuimsitheacht shóisialta.

Ag teacht le cuspóirí straitéiseacha CFI, díriodh go láidir ar sholáthar bonneagair (iompar, teileachumarsáid agus fuinneamh), ar fhiontar agus ar fhostaíocht, agus ar chaighdeán saoil.



Rannpháirtithe ag Seisiún Boird Look West CFI a tionóladh i gCnoc Mhuire

¹An Chomhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta, Straitéis NESC 2006: Daoine, Táirgiúlacht agus Aidhm, Nollaig 2005.

Cuid 2: Timpeallacht Eacnamúil d'Ardchaighdeán a Chruthú trí Bhonneagar Eacnamaíoch Réigiúnach a Fheabhsú

Bonneagar Iompair

Choinnigh CFI súil ar dhul chun cinn i dtaca le bonneagar iompair sa réigiún ar feadh 2005, ag díriú go háirithe ar bhóithre, ar rochtain iarnróid agus aeir. Cé go ndearnadh dul chun cinn suntasach in infheistíocht ar bhóithre náisiúnta, bhí Réigiún na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair (BMW) fós go mór ar chúl ar bhuiséad réamh-mheasta an PFN.

Chuir CFI fáilte roimh Transport 21, an clár infheistíochta dheich mbliana a d'fhógair an tAire Iompair i mí na Samhna; agus bhí siad sásta go háirithe leis an tiomantas maidir le Bealach an Atlantaigh ó Leitir Ceanainn go Port Láirge. Táthar ag feitheamh ar bhreis sonraí faoi na tráthanna a thabharfar na tionscadail chun críche.

Cuireadh tuarascáil an tSainghrúpa Oibre ar Bhealach Iarnróid an Iarthair (WRC), a raibh CFI mar bhall de, faoi bhráid an Aire ag comhdháil a raibh CFI agus West-on-Track ina bun sa Bhealtaine. Tháinig os cionn 200 toscaire chuig an ócáid, dar teideal Bealach Iarnróid an Iarthair: Tionscnamh Iompair Réigiúnach. Cuireadh páirt-athoscailt de Bhealach Iarnróid an Iarthair as Inis go Clár Chlainne Mhuiris san áireamh in Transport 21, a leagann amach dátaí críochnaithe do na codanna éagsúla mar seo a leanas: Inis - Baile Átha an Rí (2006), Baile Átha an Rí - Tuaim (2011) agus Tuaim -

Clár Chlainne Mhuiris (2014). Tá imní ar CFI faoin tréimhse ama fada atá i gceist leis an líne go Clár Chlainne Mhuiris a athoscailt, chomh maith lena laghad pleananna cinnte atá ann an bealach a thabhairt chun críche trí nasc a dhéanamh le geatabhaile Shligigh.

Lean CFI ag cur béime ar an tábhacht atá le rochtain aeir idirnáisiúnta chuig Réigiún an Iarthair i 2005. Tá tábhacht ghéar leis na haerfoirt idirnáisiúnta sa tSionna i ndeisceart an réigiúin, Cnoc Mhuire sa lár agus aerfort Dhoire ó thuaidh den réigiún i gcás gnólachtaí

atá ag feidhmiú ar bhonn domhanda, chomh maith le breis infheistíochta a mhealladh i bhfiontair fhaisnéis-bhunaithe. Tá rochtain aeir idirnáisiúnta riachtanach freisin mar bhonn taca ag athbheochan na turasóireachta trína dhul i ngleic leis an treocht i measc turasóirí ó thar lear a fhéachann le briseadh gairid a thógáil bunaithe ar rochtain dhíreach. Agus an cás á dhéanamh le haghaidh forbartha níos cothromaí, chuir CFI béim go háirithe ar an tábhacht atá le hAerfort Chnoc Mhuire Iarthar na hÉireann mar phointe rochtana tábhachtach i gcás cúrsaí gnó agus turasóireachta, ag glacadh leis go bhfuil an t-aerfort suite i lár Réigiún an Iarthair.



An tUasal Martin Cullen TD, An tAire Iompair, le rannpháirtithe ag Comhdháil Bhealach an Iarthair CFI/BFC i mBealtaine

Cuid 2: Timpeallacht Eacnamúil d'Ardchaighdeán a Chruthú trí Bhonneagar Eacnamaíoch Réigiúnach a Fheabhsú

An Teileachumarsáid - Bonneagar Leathanbhanda

Glactar leis anois gur réamhriachtanas í rochtain a bheith ar theileachumarsáid leathanbhanda d'ardchaighdeán agus ar phraghas iomaíoch, chun dul chun cinn a dhéanamh i sochaí nua-aimseartha, fhaisnéis-bhunaithe.

Cuireann teileachumarsáid ardluais ar chumas gnólachtaí agus daoine aonair feidhmiú go domhanda as áiteanna iargúlta, chomh maith le bheith mar acmhainn an-luachmhar do dhaoine atá ina gcónaí faoin tuath.

Tá úsáideoirí baile ag brath níos mó ná riamh anois ar an idirlíon chun nascadh le bunáiteanna agus le seirbhísí faisnéise domhanda, chun rochtain a fháil ar oideachas, le haghaidh siamsaíochta, agus mar mhodh tacaíochta agus modh oibre pearsanta.

Bhí CFI onnghníomhach arís i 2005 maidir le leathanbhanda ag an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach. Ar iarratas ón Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta; bhí baint ag CFI leis an nGrúpscéim Leathanbhanda agus Contae (CGBS) a chur chun cinn i Réigiún an Iarthair. Is í an Roinn Cumarsáide, Mara agus

Acmhainní Nádurtha a chuir an scéim sin ar bun chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais leathanbhanda i gceantair lasmuigh de bhailte móra agus de chathracha. Déanann údarais réigiúnacha agus áitiúla comhordú ar an scéim. Bhí CFI i mbun feachtais chur chun cinn, i gcomhar le comhordaitheoirí réigiúnacha na scéime, ina raibh póstaer, pacáistí eolais, cur chun cinn láithreáin ghréasáin, cur i láthair ag cruinnithe poiblí agus ionchur ó na meáin.

As na 119 tionscadal a ceadaíodh go náisiúnta faoin CGBS, tá thart ar 36% acu lonnaithe i gcontaetha an iarthair. Is toradh an-mhaith

ar fad é sin a léiríonn an iarracht mhór atá déanta ó thaobh an CGBS a chur chun cinn. Tá éagsúlacht mhór ag baint le méid agus líon na bpobal atá curtha san áireamh sna scéimeanna, agus tá comhpháirtíochtaí idirchontae i measc na scéimeanna atá ceadaithe freisin. Bhí roinnt acu faoi lánseol faoi dheireadh na bliana, agus táthar ag súil go mbeidh an fuilleach i bhfeidhm go luath sa bhliain 2006.

Rinneadh ionadaíocht freisin do CFI ar an gCoiste Stiúrtha do thuarascáil Forfás Ag Tagarmharcáil Feidhmíochta Leathanbhanda na hÉireann a foilsíodh i mí na Samhna 2005.



Cuid 2: Timpeallacht Eacnamúil d'Ardchaighdeán a Chruthú trí Bhonneagar Eacnamaíoch Réigiúnach a Fheabhsú

Bonneagar Fuinnimh

Measann CFI gur gnéithe riachtanacha den bhonneagar a theastóidh le bheith mar bhonn taca ag forbairt eacnamúil an réigiúin iad fáil a bheith ar bhonneagar fuinnimh d'ardchaighdeán chomh maith lena sholáthar.

Tá an eagraíocht ag iarraidh a chinntiú go dtugtar aird chuí ar réigiún mar lathar na hÉireann, áit a bhfuil dlús daonra íseal agus forbairt thionsclaíoch go bunúsach sách lag, nuair a bhítear ag forbairt beartas, institiúidí agus struchtúr a bhaineann leis an earnáil fuinnimh.

Chas CFI leis an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus leis an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta le chéile i mí na Samhna 2005 chun na ceistanna a bhaineann le beartas bonneagair gháis agus leictreachais a ardú.

Gás Nádúrtha

De réir mar a leathnóidh an líonra eangaí gháis, déanfar beag is fiú ar an bhfáil a bheidh ar ghás i gcodanna go leor den tír. D'fhéadfadh an easpa bonneagair gháis atá i go leor codanna de Réigiún an Iarthair, áfach, a bheith mar dídhreasacht i dtaca le hinfheistíocht.

Bíonn costais fhuinnimh níos airde agus easpa rogha maidir le soláthar fuinnimh le feiceáil i dtionscail in áiteanna nach mbíonn gás nádúrtha ar fáil, agus d'fhéadfadh costais níos airde a bheith orthu amach anseo mar gheall ar a bheith ag úsáid foinsí fuinnimh atá ag déanamh truailliú níos mó.

Bhí tábhacht mhór leis an ngás nádúrtha a aimsíodh i mBlár na Coiribe i gcás lathar na hÉireann. Is acmhainn nádúrtha ollmhór é gás na Coiribe, agus creidtear go bhfuil ar a chumas buntáistí forbartha tábhachtacha a thabhairt leis. Caithfear an eangach gháis a fhorbairt, áfach, má tá Réigiún an Iarthair chun buntáiste iomlán a bhaint as.

Cuireann CFI béim sheasta ar an ngá atá le síneadh a chur leis an eangach tarchuir gháis nádúrtha sa réigiún, ag áitiú go bhféadfadh buntáistí forbartha réigiúnacha thar cuimse a bheith ann ach an phíblíne gháis a chur chuig geatabhailte san Iarthuaisceart.

Tuigeann CFI nach rud é forbairt na heangaí gháis a tharlóidh thar oíche; ach deimhníonn sé, nuair a ghlacfaidh an Rialtas cinneadh píblínte tarchuir a fhorbairt (mar an ceann chuig Sligeach), gur chóir na bealaí a roghnú ionas go mbeidh an oiread deiseanna agus is féidir ann an eangach gháis a leathnú amach anseo.

Thug CFI tacaíocht do Chumann Tráchtála Bhéal an Átha i 2005 chun staidéar féidearthachta a dhéanamh chun an baile a nascadh leis an eangach gháis nádúrtha. Ní cheadódh an beartas reatha a leithéid de nasc a dhéanamh. Chas CFI agus Cumann Tráchtála Bhéal an Átha leis an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh chun an cheist a phlé.

Tarraingíodh aird freisin ar na heasnaimh a bhain leis an mbeartas reatha i láithreoireacht a tugadh chuig an gComhchoiste Oireachtais ar Chumarsáid, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus i gcur i láthair ar leithligh chuig an Aire.

Cuid 2: Timpeallacht Eacnamúil d'Ardchaighdeán a Chruthú trí Bhonneagar Eacnamaíoch Réigiúnach a Fheabhsú

Leictreachas

Tá bonneagar leictreachais ar féidir brath air, agus atá in ann freastal ar éileamh atá ann cheana féin agus ar éileamh nua riachtanach d'fhorbairt Réigiún an Iarthair. Tá CFI ag obair lena chinntiú go leantar ag déanamh infheistíochtaí cuí i dtarchur agus leithdháileadh leictreachais chun deis a thabhairt don réigiún dul in iomaíocht le tionscal a mhealladh.

Mar chuid den obair sin ab ea a cuireadh aighneacht chuig an Athbhreithniú ar an Earnáil Leictreachais in Éirinn a bhfuiltear á dhéanamh don Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha.

Cuireadh aighneacht freisin chuig an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CRF) maidir lena Athbhreithniú ar Rialú Praghsanna Tarchuir, agus is cuid d'Athbhreithniú Ioncaim an CRF 2006-2010 é sin.

Chas CFI, le hIBEC West agus roinnt de na mórúsáideoirí fuinnimh sa réigiún, le Greille Náisiúnta BSL chun pleananna a phlé le heangach a fhorbairt sa réigiún. Chuir an toscaireacht béim go gcaithfear infheistíochtaí cuí a dhéanamh chun deis a thabhairt don réigiún dul in iomaíocht chun forbairt tionscail agus fostaíochta a mhealladh.

Tá sé riachtanach ag úsáideoirí leictreachais sa Réigiún pleananna a dhéanamh d'fhorbairtí amach anseo agus go mbeidh muinín acu go bhfeabhsóidh soláthairtí agus nach rachaidh áiteanna níos iargúlta ná iad féin amach ina n-aghaidh i dtéarmaí sholáthar agus chostas leictreachais.



Fiontar agus Fostaíocht

Lean CFI ag tarraingt airde ar na dúshláin a bhaineann le cruthú post a chur chun cinn agus scileanna a aistriú chuig Réigiún an Iarthair, ag cur béime go háirithe ar an ngá atá le naisc níos láidre agus níos straitéisí idir fiontar, oideachas agus taighde.

Dhírigh an eagraíocht ar laigeachtaí an struchtúir thionsclaíoch reatha agus an gá atá ann cur ar chumas Réigiún an Iarthair dul san iomaíocht go héifeachtach chun infheistíocht a thabhairt isteach sa réigiún trí thacú le nuálaíocht i dtionscal dúchasach (tionscal ardtheicneolaíochta agus traidisiúnta) agus spreagadh a thabhairt do ghnólachtaí a bhíonn ag tosú amach.

Soláthraíonn go leor de na comhlachtaí i bpunann Chiste Infheistíochta CFI samplaí den scoth d'fhiontair nua nuálaíochta in earnálacha faisnéis-bhunaithe.

Rinne CFI aighneacht le Fóram na nGnólachtaí Beaga a bhunaigh an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta; agus bhuaill siad leo, agus d'oibrigh siad go dlúth freisin le Fiontar Éireann ar na ceisteanna sin.

Cuid 3: Timpeallacht Ghnó d'Ardchaighdeán a Chruthú agus Tacú le Fiontraíocht Réigiúnach le Ciste Infheistíochta CFI

Ciste Infheistíochta CFI

Tá sí mar aidhm ag Ciste Infheistíochta CFI forbairt a dhéanamh ar chultúr an chaipitil amhantair i Réigiún an Iarthair. Chomh maith le bearna cothromaíochta a líonadh, is uirlis é an Ciste freisin le haghaidh fiontar sóisialta agus eacnamaíochta sa réigiún. Oibríonn an Ciste go daingean lena chuid cliaint, ag tacú leo ar bhonn fadtéarmach agus ag cuidiú leo a gcuid spriocanna fáis a bhaint amach. Trína phunann infheistíochta atá ag dul i méid, is ea a léiríonn an Ciste inmharthanacht infheistíochtaí atá bunaithe san iarthar don earnáil phríobháideach.

D'eisíoc Ciste Infheistíochta CFI €4 milliún i 2005, agus ceadaíodh €6.9 milliún faoi. Tá €15 milliún infheistithe go dtí seo ag Ciste Infheistíochta CFI i 61 tionscadal sa réigiún.

Tá trí fhochiste ag Ciste Infheistíochta CFI:

- Ciste Infheistíochta Gnó, arna dhearadh a bheag nó a mhór chun cuidiú le fiontair bheaga agus le fiontair ar mheánmhéid le hardphoitéinseal (SME);
- Ciste Infheistíochta Áitiúil, a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le fiontair phobalbhunaithe nach bhfuil ann chun brabús a dhéanamh;

- Ciste Infheistíochta um Thionscadail Speisialta, a dhíríonn ar thionscadail agus ar thionscnaimh cheannródaíocha a bhfuil sé ar chumas acu tionchar ollmhór a imirt ar an réigiún.

Faigheann Ciste Infheistíochta CFI tacaíocht ó Phainéal Comhairleach Ciste deonach (FAP) agus ó Chomhphainéal Meastóireachta (JEP) a dhéanann meastóireacht tráchtála ar na



Foireann Chiste Infheistíochta CFI:

John Allen, Fiona Regan, Gillian Buckley, Geraldine McLoughlin. Ar iarraidh as an ngriangraf: Tracey Hannon, Clann Credo/CFI

tionscadail thar ceann an bhoird. Féach Aguisín 3 le haghaidh chomhaltas an FAP agus JEP. Chun breis eolais a fháil ar Chiste Infheistíochta CFI, téigh chuig www.wdc.ie.

Fuair CFI cead ón gCoimisiún Eorpach in Eanáir 2005 maidir le hiarratas a rinneadh tríd údarais na hÉireann athruithe a dhéanamh ar cheadú cúnamh Stáit Chiste Infheistíochta CFI. Rangaíonn an Coimisiún Eorpach an Ciste anois mar chaipiteal riosca agus gan mar chúnamh oibriúcháin. Tugann na hathruithe deis do CFI suas go dtí €1 milliún² a infheistiú i dtráinse amháin sna SME (ba é €317,434 an t-uasmhéid roimhe seo).

Lean CFI ag cur lena phunann infheistíochta i 2005. Seasann sé anois ag €15 milliún, le €3.6 milliún breise i ngealltanais. Gné shuntasach d'infheistíochtaí CFI i 2005 ab ea líon na n-infheistíochtaí a rinne sé ina dhiaidh sin, beagnach 80%, agus iad seo a leanas ina measc.

² €750,000 i gContae an Chláir

Cuid 3: Timpeallacht Ghnó d'Ardchaighdeán a Chruthú agus Tacú le Fiontar Réigiúnach le Ciste Infheistíochta CFI

Tionscadail Chiste Infheistíochta CFI

Proxy Biomedical Teo

Rinne CFI infheistíocht breise de €317,000 in Proxy Biomedical i nGaillimh i 2005, rud a thug infheistíocht iomlán CFI go dtí €634,000. Chuidigh an dara babhta maoinithe le forbairt an chéad táirge gairis leighis na cuideachta a thabhairt chun críche, atá seolta ar an margadh anois. Maoineoidh an infheistíocht sin freisin plan leanúnach taighde agus forbartha an chomhlachta, a bhfuil sé mar aidhm aige breis táirgí a chur leis an réimse atá aige cheana féin.

Xancom Teo, ag trádáil mar Lightstorm Networks

Sholáthair CFI €1 milliún i maoiniú ina dhiaidh sin do Lightstorm Networks i 2005, comhlacht deartha leathsheoltóra. Ba chuid é sin de bhabhta maoinithe €4.3 milliún le comh-infheisteoirí san earnáil phríobháideach. Úsáidfear an babhta maoinithe reatha chun Lightstorm Networks a thabhairt tríd an gcéim forbartha go dtí go mbeidh sé in ann na chéad chustaiméirí a thabhairt leis. Tá spéis mhór tarraingthe ag an táirge nua cheana féin i measc roinnt de na mórchomhlachtaí teileachumarsáide.

Céad Infheistíochtaí €1 milliún

Rinne CFI na chéad infheistíochtaí €1 milliún i 2005. Ba iad Aerfort Chnoc Mhuire Iarthar na hÉireann agus Xancom Teo t/a Lightstorm Networks, na tairbhíthe.

Maoiniú Mara Teo

Bunaíodh Maoiniú Mara Teo (MMT), atá lonnaithe i nGaillimh, i 2004 chun tacú le gnó uisce-shaothrú bia mara, é a chur chun cinn agus a fhorbairt trína chur ar chumas táirgeoirí athrú ó bheith faoi thionchar ag táirgeadh agus a bheith á dtreorú ag an margadh ina áit sin agus bia mara na hÉireann a bhogadh ar aghaidh ar an slabhra breisluacha.

Ba leor an chéad infheistíocht de €2.2m ar infheistigh CFI €500,000 de chun an chéad chuid den chlár a rolladh amach. Ag teacht leis an gcéad phlean, leathnaigh MMT a chuid gníomhaíochtaí i 2005 chun breis táirgeoirí a bheith mar chuid de agus chun speiceas nua iasc a thabhairt isteach. Méadaíodh infheistíocht CFI mar sin go dtí €1 milliún, agus tá athbhreithniú eile beartaithe do lár na bliana 2006.

Connaught Airport Development Co. Teo, ag trádáil mar Ireland West Airport Knock

Féachann CFI ar fhorbairt rathúil Aerfort Chnoc Mhuire Iarthar na hÉireann mar uirlis ollmhór le haghaidh forbairt réigiúnach san Iarthar.

Tá soláthar san infheistíocht €1 milliún a rinne Ciste Infheistíochta CFI san aerfort chun saoráidí tráchtála a leathnú, lena n-áirítear; páirceáil, saoráidí lónadóireachta agus miondiola ag an aerfort idirnáisiúnta mar ullmhúchán don mhéadú mór atá tuartha ar líon na bpaisinéirí i 2006.




Gillian Buckley Bainisteoir Infheistíochta, CFI agus Robert Grealish Rialtóir Airgeadais (IWAK)

Cuid 3: Timpeallacht Ghnó d'Ardchaighdeán a Chruthú agus Tacú le Fiontar Réigiúnach le Ciste Infheistíochta CFI

Infheistíochtaí a Eisíocadh i 2005


As an €4 milliún a thug Ciste Infheistíochta CFI amach i 2005, infheistíodh formhór de (62%) faoin gCiste Infheistíochta Gnó agus leithroinneadh 38% de tríd an gCiste Infheistíochta Tionscadal Speisialta. Íocadh beagnach 55% den iomlán le tionscadail atá lonnaithe i gceantair thuaithe, arna sainmhíniú ag an Straitéis Spásúil Náisiúnta. Taispeánann na táblaí agus na figiúirí thíos scaipeadh na dtionscadal.

Eisíocaíochtaí 2005 de réir Suíomh




Suíomh	%	Suim
Geataí agus Moil	45	€1,780,828
Tuath	55	€2,217,500
Iomlán	100	€3,998,328

Eisíocaíochtaí 2005 de réir Contae



Contae	%	Suim
An Clár	0	0
Dún na nGall	11	€434,000
Cathair na Gaillimhe	38	€1,533,828
Contae na Gaillimhe	15	€600,000
Maigh Eo	31	€1,238,500
Ros Comáin	5	€192,000
Sligeach	0	0
Iomlán	100	€3,998,328

Eisíocaíochtaí 2005 de réir na hEarnála Tionscail




Earnáil an tionscail	%	Suim
Uiscshaothrú agus lascaigh	12	€500,000
Bithghairis/Gairis Leighis	13	€513,828
Bonneagar Eacnamaíoch agus Sóisialta	26	€1,025,000
Teicneolaíocht na Cumarsáide agus na Faisnéise	49	€1,959,500
Déantúsaíocht agus Seirbhísí	0	0
Acmhainní Nádúrtha	0	0
Iomlán	100	€3,998,328

Cuid 3: Timpeallacht Ghnó d'Ardchaighdeán a Chruthú agus Tacú le Fiontar Réigiúnach le Ciste Infheistíochta CFI

Infheistíochtaí a Ceadaíodh i 2005


Cheadaigh CFI beagnach €7 milliún do 21 tionscadal difriúil san iomlán i 2005. B'ionann na hinfeistíochtaí cothromais agus 80% den iomlán, agus is airgead d'iasachtaí a bhí san fhuílleach. Tá thart ar 61% d'infheistíochtaí a ceadaíodh i 2005 lonnaithe i gceantair thuaithe lasmuigh de na geataí agus na moil.

Ceaduithe 2005 de réir Suíomh




Suíomh	%	Suim
Geataí agus Moil	39	€2,667,000
Tuath	61	€4,239,000
Iomlán	100	€6,906,000

Ceaduithe 2005 de réir Contae



Contae	%	Suim
An Clár	2	€150,000
Dún na nGall	16	€1,132,000
Cathair na Gaillimhe	28	€1,917,000
Contae na Gaillimhe	13	€900,000
Maigh Eo	27	€1,842,000
Ros Comáin	9	€625,000
Sligeach	5	€340,000
Iomlán	100	€6,906,000

Ceaduithe 2005 de réir na hEarnála Tionscail



Earnáil an tionscail	%	Suim
Uiscshaothrú agus lascaigh	13	€900,000
Bithghairs/Gairis Leighis	10	€717,000
Bonneagar Eacnamaíoch agus Sóisialta	6	€1,490,000
Teicneolaíocht na Cumarsáide agus na Faisnéise	47	€3,234,000
Déantúsaíocht agus Seirbhísí	2	€150,000
Acmhainní Nádurtha	6	€415,000
Iomlán	100	€6,906,000

Cuid 3: Timpeallacht Ghnó d'Ardchaighdeán a Chruthú agus Tacú le Fiontar Réigiúnach le Ciste Infheistíochta CFI

Tionscadail Chiste Infheistíochta CFI

Poist phoitéinseala cruthaithe/ inbhuanaithe agus cistí a ghíaráil Ciste Infheistíochta CFI

Tá 300 duine fostaithe faoi láthair sna 13 fiontar a mhaoinigh CFI i 2005. Tá an cumas ag na fiontair sin líon breise post a chruthú sna blianta amach romhainn de réir mar a fhorbraíonn agus a mhéadaíonn siad. Ina theannta sin is ea a thacaíonn roinnt de na tionscadail a bhfuil infheistíocht déanta ag CFI iontu le gníomhaíocht shóisialta agus fiontair sa réigiún. Giaráladh €10 milliún infheistíochta breise san iomlán isteach sa réigiún trí na tionscadail a fuair tacaíocht ó Chiste Infheistíochta CFI. As an tsuim sin, tháinig thart ar 80% ón earnáil phríobháideach agus an fuilleach ón earnáil phoiblí.

Ballaghaderreen Community Park Teo

Chuir CFI €25,000 i bhfoirm airgid iasachta ar aghaidh i dtreo forbairt Pháirc Phobail Bhealach an Doirín, páirc spóirt agus saoráid phobail sa bhaile. Áireofar leis sin páirc imeartha le rian reatha timpeall uirthi, páirc sacair, páirc cruicéid, saoráidí feistis agus seomra cruinnithe.

Torc Interactive Teo

Tá Torc Interactive lonnaithe i Magh, i gCo. Dhún na nGall, agus déantar forbairt ann ar mheán-earraí (bogearraí a chuireann seirbhísí níos fearr ar fáil d'fheidhmchláir atá ann cheana féin) do mhargadh na gcluichí ríomhairí. Tá táirge ceannródaíoch na cuideachta, inneall Instinct, ar an bhforbairt teicneolaíochta is mó sa tionscal sin. Cheadaigh CFI infheistíocht breise de €400,000 sa chuideachta chun deis a thabhairt bailchríoch a chur ar fhorbairt táirge agus é a thráchtáil, táirge atá le seoladh ar an margadh i Márta 2006.



Torc Interactive

Metamusic Teo

Thosaigh Metamusic Teo, i gcomhar le hOllscoil Luimnigh, ag forbairt cumadóra fuaimriain le físeán don mhargadh gairmiúil scannáin agus teilifíse iar-léirithe. Beidh an córas seo in ann ceol a chur le chéile chun dul in oiriúint le srianta ama géara agus le riachtanais uirlisí, agus titfidh sé isteach go cruinn le himeachtaí ar an scáileán. Bhain an chuideachta, atá lonnaithe i nGaillimh, an duais réigiúnach amach i gComórtas Seed Corn 2004. Ghíaráil an duais airgid sin, chomh maith leis an gcead a thug CFI d'infheistíocht €100,000 a dhéanamh ann, na riachtanais mhaoinithe a bhí fágtha ón earnáil phríobháideach agus thug sé deis don chuideachta dul i mbun forbartha i 2005. Táthar ag súil le fréamhshamhail oibre go luath i 2006.

AMT3D Teo

Fuair AMT3D Teo, comhlacht bogearraí atá lonnaithe i gCo. Mhaigh Eo, an chéad tráinse d'infheistíocht €317,000 ó CFI i 2005. Táirgeann an comhlacht léirshamhluithe tríthoiseacha cruinne geoiméadracha den timpeallacht thógtha.

Cuid 3: Timpeallacht Ghnó d'Ardchaighdeán a Chruthú agus Tacú le Fiontar Réigiúnach le Ciste Infheistíochta CFI

Tionscadail Chiste Infheistíochta CFI

Vigisoft Teo

Tá Vigisoft Teo ag forbairt bogearraí gréasán-bhunaithe a thugann deis do chuideachtaí eolaíochta beatha cloí le diancheanglais rialtóirí an tionscail a bhíonn ag dul i méid i gcónaí. Cuireann na bogearraí ar chumas úsáideoirí aghaidh a thabhairt ar cheisteanna comhlíonta, rialacháin sábháilteachta táirge reatha a chomhlíonadh, caighdeán táirge a fheabhsú agus táirgiúlacht inmheánach a mhéadú. Rinne CFI síol-infheistíocht de €100,000 le cur ar chumas na cuideachta forbairt agus tástáil an táirge a thabhairt chun críche.

Xtender Teo

Is soláthróir faisnéise bunaithe ar bhogearraí é Xtender Teo, atá lonnaithe i nDún na nGall, a thugann deiseanna tairisceana do chuideachtaí. Is féidir le húsáideoirí bogearraí Xtender díriú ar an earnáil tionscail agus ar thír ar spéis leo féin í ar bhealach a fhágann gach ábhar coimhthíoch ar lár agus nach gcuireann ach na deiseanna tairisceana sonraithe atá uathu ar fáil dóibh. Cheadaigh CFI infheistíocht de €317,000 i Xtender i 2005 agus d'eisíoc sé an infheistíocht sin.

3Touch Teo

Tá 3Touch Teo lonnaithe i mBaile Átha Luain, i gCo. Ros Comáin, agus déantar forbairt ann ar chóras bainistíochta comhdhála don ghlúin nua agus uirlis tacaíochta teagaisc nuálaíoch ar a dtugtar CampusWide a thugann deis léachtanna a sheachadadh ag an am céanna in áiteanna éagsúla. Agus an chéim taighde agus forbartha comhlánaithe ag an gcuideachta, d'ordaigh CFI infheistíocht breise de €500,000 dóibh i 2005.



An córas bainistíochta cur i láthair 3Touch

Taispeántas Bhaile Átha Cliath

Chuir CFI cás taispeántais ar siúl den chiste infheistíochta agus a chuid comhlachtaí i mBaile Átha Cliath i mí na Nollag 2005. Tháinig slua mór as pobal infheistíochta Bhaile Átha Cliath chuig an ócáid, go leor de na comhlachtaí caipitil amhantair is mó le rá ina measc.



Taispeántas Chiste Infheistíochta CFI

Cuid 4: Tionscail Tuaithe Inbhuanaithe a Chur ar Bun sa Réigiún

An Earnáil Agraibhia Orgánach

Atlantic Organics

Is comhpháirtíocht straitéiseach é Atlantic Organics Teo, a fhaigheann tacaíocht trí Chlár INTERREG IIIA, agus a bhíonn i mbun fáis trí fhorbairt táirge agus fhorbairt an mhargaidh san earnáil orgánach i Réigiún an Iarthair. Sheol an tAire Talmhaíochta agus Bia Atlantic Organics go hoifigiúil in Aibreán 2005, ina bhfuil comhpháirtíocht idir an tIonad Orgánach i Liatroim agus an dá chomharchumann táirgeachta orgánach ollmhór (Comharchumann Orgánach an Iarthuaiscirt agus Comharchumann Feirmeoirí Orgánacha Liatroma). Rinne an comhfhiontar tráchtála seo dul chun cinn le linn na bliana agus é mar phríomhstiúrthóir ó thaobh taighde ar bhia orgánach, táirgeadh agus díolacháin, chomh maith le bheith ag féachaint le feachtas tomhaltóirí agus táirgeoirí a mhéadú i dtaca leis an margadh orgánach sa réigiún. Chuidigh CFI le bunú na heagraíochta, agus tá ionadaíocht aige ar choiste bainistíochta Atlantic Organics.

Rinne Atlantic Organics tástáil mhargaidh ar réimse nua ispíní orgánacha i 2005 chomh maith le bheith rannpháirteach i roinnt margaí feirmeoirí. Rinneadh dul chun cinn ó thaobh táirgí breisluacha a fhorbairt as feamainn

agus gránaigh, agus táthar ag plé go seasta le feoil shailte agus le charcuterie. Rinne an chuideachta dul chun cinn suntasach, trína cur chuige comhpháirtíochta suaithinseach, ó thaobh réimse brandáilte táirgí breisluacha d'ardchaighdeán a thabhairt isteach ar an margadh ag baint úsáide as mairteoil agus as caoireoil orgánach chomh maith le luibheanna atá curtha go háitiúil, gránaigh agus feoil eile.



Foireann CFI agus Atlantic Organics le Mary Coughlan, TD, An tAire Talmhaíochta agus Bia, ag Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2005 i gCorcaigh

An Coiste Orgánach Náisiúnta

Bíonn baint ag CFI leis an gCoiste Stiúrtha Orgánach Náisiúnta (NOSC) agus leis an Sainghrúpa Oibre Comhpháirtíochta (fo-ghrúpa de chuid NOSC) a dhéanann comhordú agus monatóireacht ar sholáthar oiliúna, oideachais, comhairle agus taighde. Chuir an NOSC a dhara tuarascáil dhul chun cinn faoi bhráid na Roinne Talmhaíochta agus Bia i mí Iúil 2005.

Rinneadh dul chun cinn i bpríomhréimsí mar chúig fheirm taispeántais orgánach eile, oiliúint nua le ceadú FETAC, pacáiste margaíochta feirmeoireachta orgánaí, agus cuireadh an chéad Seachtain Orgánach Náisiúnta ar bun ar bhonn píolótach. Is as Gormphrionta do Tháirgeadh Agraibhia Orgánach san Iarthar (2001) de chuid CFI a tháinig go leor de na forbairtí sin agus a rannpháirtíocht ar an NOSC.

Mar chuid dá thionscnamh samhail forbartha tuaithe a chur in iúl (féach leathanach 22), scríobh CFI suas a ról i 2005 i dtaca le forbairt Gormphrionta do Tháirgeadh Agraibhia Orgánach san Iarthar agus chuir sé síos ar conas a dhéanann sé dul chun cinn agus éascú ar thionscadail forbartha straitéiseacha ag an leibhéal réigiúnach.

Cuid 4: Tionscail Tuaithe Inbhuanaithe a Chur ar Bun sa Réigiún

Turasóireacht

Clár Turasóireachta Forbartha an Iarthair

Lean CFI ag forbairt tionscadal turasóireachta tuaithe straitéiseach i 2005 trí bheith rannpháirteach go gníomhach i gClár Turasóireachta Forbartha an Iarthair (WDTP). Tá ionadaithe náisiúnta agus réigiúnacha ó Fháilte Ireland, ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, ó LEADER, ó Údaráis Turasóireachta Réigiúnacha, ó Fhorbairt na Sionna, ón Institiúid Teicneolaíochta Shligigh, ó Chomhdháil Thionscal Turasóireachta na hÉireann, ó Údarás na Gaeltachta, ó Oifig na nOibreacha Poiblí agus ó CFI féin ar Bhord an WDTP. Tá sí mar aidhm ag an tionscnamh:

- gníomhaireachtaí forbartha turasóireachta a nascadh;
- comhpháirtithe a éascú chun straitéisí forbartha comhordaithe a leagan amach i gcás turasóireachta na tuaithe;
- leas a bhaint as acmhainní agus scileanna gach gníomhaireacht chun an mhais chriticiúil a chruthú a theastaíonn chun forbairt a stiúradh;
- breis spriocdheiseanna a chruthú i gcás turasóireachta na tuaithe;

- peirspictíocht fhadtéarmach a fhorbairt i gcás forbartha turasóireachta na tuaithe;
- smaointe nua a chur i bhfeidhm do thurasóireacht na tuaithe ar bhonn píolótach agus iad a thástáil.

Tá cuntas thíos ar eochair-mhórtionscadail de chuid CFI agus WDTP i 2005.

An Bosca Glas

Bhí ról tábhachtach ag an WDTP agus ag CFI i 2005 ó thaobh dul chun cinn tionscnaimh an Bosca Glas a éascú. Is sainréigiún é an Bosca Glas ina bhfuil táirgí turasóireachta atá inbhuanaithe ar bhonn comhshaoil, chomh maith le cóiríocht agus nithe tarraingteacha eile laistigh de chomhthéacs acmhainní nádúrtha glana.

Is beag tionchar a bhí ag na cineálacha táirgí turasóireachta agus an ghníomhaíocht a dhéantar ar éiceolaíocht an cheantair, agus déantar freastal ar chuairoteoirí a mbíonn imní orthu faoin gcomhshaol agus baineann an pobal buntáiste mór as ag an am céanna.

Tá roinnt de na tionscnaimh ar tugadh fúthu i 2005 le feiceáil thíos:

- Trí chomhpháirtíocht idir an Bosca Glas, an WDTP agus Institiúid Teicneolaíochta Shligigh ab ea a bhain 27 ionadaí gníomhaireachtaí agus gnólachtaí amach Teastas Náisiúnta san Éiceathurasóireacht, an chéad dream sa tír a bhain an Teastas sin amach;
- Rinneadh forbairt ar chlár Caighdeán Glas agus Deimhniúcháin, agus tá meantóirí faoi láthair ag tacú leis an 100 comhalta líonra den Bhosca Glas leis an gclár a chur i bhfeidhm laistigh dá gcuid fiontar;
- D'oibrigh lucht cóiríochta i dtreo 'a gcuid gnó a dhéanamh ní ba ghlaise', agus



Comhaltaí de Bhord an Bhosca Ghlais

Cuid 4: Tionscail Tuaithe Inbhuanaithe a Chur ar Bun sa Réigiún

Turasóireacht

beidh cuid mhaith acu ar an gcéad dream in Éirinn a gheobhaidh Bláth an AE - éicealipéad na hEorpa do chóiríocht - go luath i 2006. Tabharfar sé sin deis do chuairoteoirí chuig an mBosca Glas cóiríocht atá measta go neamhspleách agus atá ar chaighdeán idirnáisiúnta a roghnú;

- Seoladh an clár forbartha caipitil Bosca Glas ar fiú €1.1m é, a bhronnann cúnamh deontais ar an earnáil phríobháideach agus pobail chun cuidiú leo a gcuid gnólachtaí a dhéanamh níos glaise.

Tá seachtar fostaithe go lánaimseartha anois ag tionscnamh an Bhosca Ghlais.

Ag Siúl san Iarthar

Sheol an WDTP Ag Siúl san Iarthar (Walking in the West, WITW) i mí Iúil 2005, clár atá leagtha amach chun turasóireacht siúlóide a athbheochan sna seacht gcontae i Réigiún an Iarthair. Taighde agus léiriúchán leis an WDTP. Is comhthionsnamh é WITW lena bhfuil baint ag Ireland West Tourism, Comhairle Spóirt na hÉireann, ag dhá chuideachta dhéag de chuid LEADER, ag CFI agus an earnáil phobail. Molann an WITW próiseas forbartha comhtháite nua a mhéadóidh - ach a mbeidh sé i bhfeidhm - líon na gcuairteoirí

agus a dhéanfaidh seachadadh ar tháirge turasóireachta siúlóide den chéad scoth i Réigiún an Iarthair.

Foilsíodh Ag Siúl san Iarthar, Treoir Céim-ar-Chéim i 2005. Is iad LEADER agus an WDTP a rinne taighde agus forbairt ar an treoirleabhar, léiríonn sé samhail dea-chleachtais a chuirfidh ar chumas grúpaí pobail poiblíocht a thabhairt do shiúlóidí ina bpobal áitiúil. I measc chlár an WITW atá moltaí ar athrú beartais lena chinntiú go bhfaigheann an scéim tacaíocht ón earnáil phoiblí. Cuideoidh an WDTP le feidhmiú Treoir Céim-ar-Chéim i dtrí cheantar phíolótacha i 2006.



Seoladh na Tuarascála Walking in the West: Donal Guilfoyle Fáilte Ireland, Lisa McAllister CFI, Éamon Ó Cuív, TD, An tAire Gnóthai Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Patsy Daly Comhpháirtíocht Lár-Dheisceart Ros Comáin

CFI agus Beartas Turasóireachta

Is léiriú iad tionscadail mar an Bosca Glas agus Ag Siúl san Iarthar ar fhorbairt tuaithe á cleachtadh. Dá bhrí sin, tá siad in ann cur go mór le hioncam daoine atá ina gcónaí i gceantair thuaithe. Cruthaíonn na tionscadail nuálaíocha a bhfuil taighde mór déanta orthu gur féidir na bearnaí atá i bhforbairt turasóireachta straitéisigh a líonadh. Is bealach lárnach é táirgí sainiúla a sheachadadh ar an scála seo chun an meath atá ar chuairoteoirí chuig na réigiúin a chur ina cheart, agus tá cuid mhaith le fáil ag lucht cinnteoireachta turasóireachta náisiúnta agus forbartha tuaithe san Iarthar.

Rinne CFI obair beartais fhorleathan ar an earnáil turasóireachta ag deireadh 2005, agus chuir sé in iúl freisin an ról atá ag CFI i bhforbairt turasóireachta na tuaithe ón mbliain 2000 i leith. Trí léiriú ag an leibhéal náisiúnta mar atá ag éirí leis cleachtas agus beartas a thabhairt le chéile is ea atá CFI dóchasach go mbeidh tionchar aige ar mholtaí beartais éifeachtacha a ghlacadh lena chinntiú go gcuirfear tionscnaimh den chineál céanna ar bun i réigiúin ar fud na hÉireann.

Cuid 4: Tionscail Tuaithe Inbhuanaithe a Chur ar Bun sa Réigiún

Fuinneamh In-athnuaite

Úinéireacht Phobail ar Fheirmeacha Gaoithe

Ag tógáil ar mholtaí thuarascáil 2004 To Catch the Wind: The Potential for Community Ownership of Wind Farms in Ireland; d'éascaigh CFI comhpháirtíocht idir cuideachta forbartha gaoithe phríobháideach agus comhairle pobail. Mar thoradh ar an tionscnamh sin ab ea a rinne CFI comhordú ar aighneacht maidir le hiarratas maoinithe ar staidéar féidearthachta chuig Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann (SEI) ag deireadh na bliana.

Má cheadaítear é sin, déanfaidh an staidéar féidearthachta seachadadh ar an anailís airgeadais agus gnó, ar sheirbhísí comhairleachta agus ar an tsamhail forbartha gnó a theastóidh go mbeidh an chomhairle pobail in ann úinéireacht a roinnt leis an gcuideachta phríobháideach. Léireodh cur chuige comhpháirtíochta mar sin dul chun cinn suntasach a bhainfeadh le gach teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite.

Cé nach bhfuil sé fós ach ag céim an-luath; má éiríonn leis agus má thógtar é is amhlaidh a bheidh an tionscadal feirm gaoithe píolótach ar an gcéad sampla d'infheistíocht pobail dá leithéid in Éirinn.

Bithmhais

Is tagairt é an téarma 'bithmhais' d'acmhainní carbóin in-athnuaite, neamh-iontaise, mar adhmaid, féar, barraí agus dramhail talmhaíochta agus cathrach ar féidir a úsáid chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh chun dul in áit breoslaí iontaise mar ola. Rinne CFI réamh-athbhreithniú ar an earnáil bithmhaise i Réigiún an Iarthair i bhfómhar na bliana 2005. Bhí sé den tuairim go bhfuil poitéinseal suntasach sa réigiún. Tá roinnt gníomhaíochta faoi lánseol cheana féin, agus tá deiseanna ann comhordú níos mó a bheith idir na tionscadail dá bhfuil ann. Cuirtear isteach ar fhorbairt breise mar gheall ar a laghad eolais atá faoi acmhainní foraoiseachta, easpa tacaíochta comhairligh do churadóirí a d'fhéadfadh dul ina bhun agus feachtas pobail theoranta. Is í an chéad chéim eile a chaithfear a ghlacadh ná meas conas is féidir an tsamhail comhpháirtíochta a úsáideadh chun tacú le forbairt gaoth-bhunaithe a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais na hearnála bithmhaise.

Mar léiriú ar an obair phraiticiúil a bhí á déanamh ar an talamh agus deis labhairt faoin réasúnaíocht a bhain le húinéireacht pobail agus a bheith bainteach le teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite; bhí cruinnithe ag CFI i 2005 leis an Aire Cumarsáide, Mara

agus Acmhainní Nádúrtha agus leis an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Lean an eagraíocht ag líonrú freisin, agus ag déanamh nasc le geallsealbhóirí náisiúnta agus réigiúnacha eile san earnáil fuinnimh in-athnuaite. Áiríodh leis sin cur i láthair ag comhdháil náisiúnta an SEI i Méan Fómhair agus seisiún eolais le Comhairlí Contae, le Cumainn Tráchtála, le gníomhaireachtaí Stáit agus le hionadaithe pobail i mí na Samhna.



Rannpháirtithe agus feidhmeannaigh CFI ag cruinniú eolais de chuid CFI ar shaincheisteanna a bhaineann le Fuinneamh Réigiúnach a tionóladh i mí na Samhna 2005


Cuid 4: Tionscail Tuaithe Inbhuanaithe a Chur ar Bun sa Réigiún

Samhail Forbartha Tuaithe CFI

Tá samhail nuálaíoch d'fhorbairt tuaithe curtha le chéile ag Foireann Forbartha Tuaithe CFI le scaitheadh anuas, agus cuireadh an tsamhail i bhfeidhm go rathúil san earnáil turasóireachta tuaithe, san earnáil agraibhia orgánach agus earnáil fuinnimh in-athnuaite. Déantar idirdhealú den tsamhail seo de bharr chomh meáite agus atá sí i gcás roinnt príomhghnéithe, lena n-áirítear:

- próiseas comhpháirtíochta agus comhairliúcháin a bhunú;
- muinín a fhorbairt idir na comhpháirtithe;
- ceannaireacht éifeachtach agus tógáil inniúlachta a chothú;
- rannpháirtíocht ghníomhach i dtionscadail fhorbartha;
- pleanáil straitéiseach;
- ceannach isteach ag an leibhéal réigiúnach agus náisiúnta a bhaint amach;
- an t-am ceart a shainathint chun tarraingt siar as an ról gníomhach 'praiticiúil' sa phróiseas forbartha agus ról tacaíochta/comhairleach níos mó a ghlacadh.

Thosaigh an Fhoireann Forbartha Tuaithe ag cur na samhla chun cinn i 2005 féachaint lena foilsiú go luath i 2006. Beidh cuntas sa cháipéis sin ar an tsamhail, agus beidh treoir céim-ar-chéim ann chun í a chur i bhfeidhm. Tabharfaidh dhá chás-staidéar - agraibhia orgánach agus turasóireacht tuaithe - léargas ar an saothar á chleachtadh.



Beidh siad seo a leanas sa tuarascáil mar chonclúid:

- ceachtanna a chur i láthair atá foghlamtha as an tsamhail a dhearadh, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;
- cuntas ar conas feidhmiú maith a bhaint amach;
- na príomhfachtóirí rathúlachta de chur chuige CFI a chur i láthair agus na dúshláin a bhí os a gcomhair acu sa phróiseas feidhmiúcháin.

Tá CFI meáite an tsamhail a thabhairt chomh fada le hearnálacha eile i Réigiún an Iarthair, ionas go bhféadfar dul chun cinn a dhéanamh ar bhreis tionscadal bríomhar, éagsúil, straitéiseach agus inbhuanaithe. Cuirfear an tsamhail i láthair geallsealbhóirí ag an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach sa chéad dá bhliain eile.

Cuid 5: Forbairtí Riaracháin

Lean CFI ag forbairt agus cur beartais agus nósanna imeachta oibriúcháin éagsúla i bhfeidhm a bhí riachtanach faoin gComhaontú Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn agus ar mhaithe leis an gCód Cleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh.

Ag teacht leis na riachtanais sin ba ea a ullmhaíodh agus a cuireadh tacar treoirlínte soláthair i bhfeidhm i 2005.

An Fhoireann

Faoi fhorálacha a bhain le Comhaontú Pá na Seirbhíse Poiblí, thuairiscigh an CFI dul chun cinn ar a Phlean Gnímh Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, mar chuid den chóras deimhnithe feidhmíochta.

Trí rannpháirtíocht ghníomhach Choiste Comhpháirtíochta CFI ab ea a lean an eagraíocht dá tiomantas i leith an chlár nuachóirithe. I measc samplaí de sin i 2005 a bhí feidhmiú leanúnach an Chórais Bhainistíochta Feidhmíochta agus aiseolas suas agus rannpháirteachas na foirne go léir in oiliúint agus i bhforbairt.

Cuireann Straitéis CFI socruithe oibre trasfheidhmithe chun cinn mar chuid dá

éiteas oibre. Léiríodh é sin i saothar na heagraíochta ar feadh 2005 i socruithe trasfheidhme éagsúla lena raibh baint ag foirne as disciplíní éagsúla.

Lean CFI i 2005 dá thiomantas i leith cothromaíocht dhearfach idir an bheatha agus an obair a chur chun cinn don fhoireann.

Cúram Custaiméirí

Leagann Cairt Custaiméirí CFI amach an caighdeán seirbhíse ar féidir le custaiméirí a bheith ag dúil leis ina gcuid plé leis an eagraíocht. Tá CFI meáite seirbhís ghairmiúil, éifeachtúil agus chúirtéiseach a sholáthar dá chuid custaiméirí, de réir Prionsabail Seirbhíse Custaiméirí d'Ardchaighdeán a cheadaigh an Rialtas. Mar chuid dá thiomantas an leibhéal seirbhíse a fheabhsú, a fhaire agus a mheas, ab amhlaidh a scaip CFI suirbhé faoi sheirbhísí custaiméirí i 2005.

Thug CFI a láithreán gréasáin (www.wdc.ie) suas chun dáta go rialta i 2005 chun a chuid custaiméirí a choinneáil ar an eolas faoina chuid oibre, le nuachteisiúintí, foilseacháin agus earcaíocht.

I meastóireacht a rinne CFI ar a chuid tiomantas seirbhíse, fuair sé amach:

- go raibh a chuid tiomantas ar fad i leith cúram custaiméirí seachadta aige maidir le cruinnithe, cuairteoirí, faisnéis, láithreán gréasáin, foilseacháin agus Acht na dTeangacha Oifigiúla;
- déileáladh go seasta agus go neamhchlaonta le gach iarratas ar Chiste Infheistíochta CFI, agus de réir rialacha agus rialacháin Chiste Infheistíochta CFI;
- bhí sé tiomanta do bheartas comhionannais deiseanna;
- léiríonn sé meas, agus coinníonn sé an rúndacht a bhaineann le faisnéis a bhíonn ina sheilbh aige;
- níor tuairiscíodh agus níor taifeadadh aon ghearáin ó chustaiméirí le linn 2005.

Cuid 5: Forbairtí Riaracháin

Tuairisc ar Chomhlíonadh CFI leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit i 2005

1. Cód Iompair Ghnó do Stiúrthóirí agus Fostaithe CFI

Tá feidhm le cóid iompair ghnó do na stiúrthóirí agus na fostaithe go léir, tá siad sínithe ag gach páirtí ábhartha; agus comhlíonadh iad i 2005.

2. Feidhm Iniúchta Inmheánaigh

Dearbhaím gur chomhlíonaigh CFI gach nós imeachta cuí le haghaidh iniúchadh inmheánach atá leagtha amach sa Chód Cleachtais i 2005. Rinneadh an obair seo a leanas maidir le hiniúchadh inmheánach:

(i) Iniúchadh Inmheánach

Mar chuid dá gclár oibre i 2005, rinne Ernst & Young athbhreithniú caiteachais amháin agus Athbhreithniú Riosca iomlán san eagra. Thug na hiniúcháirí tuairisc ar a gcuid torthaí agus thug siad moltaí don Choiste Iniúchta agus don Choimisiún. Bhain an t-athbhreithniú caiteachais le réimsí cistí neamh-infheistíochta lena n-áirítear an Feachtas Look West agus na tionscadail fhorbartha tuaithe. Chuir an obair sin bailchríoch le Plean Oibre Iniúchadh Inmheánach Ernst & Young.

(ii) Coiste Iniúchta CFI

Bhuail Coiste Iniúchta CFI le chéile faoi cheathair le linn 2005 agus tugadh tuairisc don Choimisiún faoina chuid gníomhaíochtaí.

(iii) Córas Rialuithe Airgeadais Inmheánacha

Rinneadh iad seo a leanas i 2005 d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh CFI:

Ag cruinniú Boird CFI i Méan Fómhair 2005, rinne Cathaoirleach an Choiste Iniúchta cur i láthair do chomhaltaí an Athbhreithnithe ar Éifeachtacht Rialuithe Inmheánacha, lena n-áirítear bainistíocht riosca. Bunaíodh é sin ar an gcur i láthair a rinne na hIniúcháirí Inmheánacha, Ernst & Young, don Choiste Iniúchta i Meán Fómhair 2005.

Bhí comhaltaí an Bhoird sásta go bhfuil CFI ag bainistiú a chuid rioscaí go héifeachtach, agus dúirt siad gur rioscaí an-seachtrach go deo cuid acu agus nach gcuirfidís ar chumas CFI plean rialaithe a chur i bhfeidhm.

Iarradh ar an mBord i ndiaidh an chuir i láthair an tAthbhreithniú Foriomlán ar Éifeachtacht na Rialuithe Inmheánacha sa CFI a cheadú, agus thángthas ar chomhaontú faoin ráiteas seo a leanas:

Rinne an Bord athbhreithniú ar phróiseas na bainistíochta lena chinntiú go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh - lena n-áirítear córais airgeadais, oibriúcháin agus rialuithe comhlíonta agus córais bhainistíochta riosca bríomhar agus oiriúnach dá gcríoch. Admhaíonn an Bord go bhfuil measúnú foriomlán déanta ag an lucht bainistíochta i gcomhar lenár gcuid iniúcháirí inmheánacha, Ernst & Young, ar an timpeallacht rialaithe, agus go bhfuil cur i láthair curtha faoi bhráid an Bhoird acu faoin mbealach inar stiúradh an t-athbhreithniú foriomlán sin lena n-áirítear feidhmiú chóras bainistíochta riosca.

Tá an Bord sásta nach bhfuil aon ábhair rialaithe suntasacha le tuairisciú ná aon ghníomhartha réitigh shuntasacha le cur i bhfeidhm ag an tráth seo. Glacann conclúid an Bhoird an saothar iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh (.i. C&AG) a rinneadh le dhá mhí dhéag anuas san áireamh freisin.

Cuid 5: Forbairtí Riaracháin

3. Soláthar

Chomhlíon CFI go hiomlán nósanna imeachta soláthair iomchuí mar atá leagtha amach i dTreoirínte Soláthair an Rialtais 2004. Ullmhaíodh tacar mionsonraithe treoirínte soláthair CFI agus cuireadh i bhfeidhm agus comhlíonadh iad i 2005.

4. Diúscairt Sócmhainní agus Rochtain ag Tríú Páirtithe ar Shócmhainní

Ní dhearna CFI aon diúscairtí ar shócmhainní thar an tairseach a comhaontaíodh sa bhliain 2005.

5. Treoirínte maidir le Caiteachas Caipitil a Bhreithmheas agus a Bhainistiú

Ní bhaineann na treoirínte sin le CFI.

6. Pá do Phríomhfheidhmeannaigh agus d'Fhostaithe Comhlachtaí Stáit

Chloígh CFI le treoirínte an Rialtais agus le socruithe na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maidir le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh agus na bhfostaithe i 2005.

7. Íoc Táillí agus Caiteachais Stiúrthóirí

Chloígh CFI le treoirínte an Rialtais agus le socruithe na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maidir le táillí Stiúrthóirí a íoc i 2005. Tugtar sonraí faoi na táillí sin agus costais chomhiomlána sna cuntais bhliantúla.

8. Tá tuarascáil ar leithligh leis an gCathaoirleach curtha isteach chuig an Aire le Tuarascáil Bhliantúil 2005.

9. Dearbhaím gur chomhlíon CFI go hiomlán na dlíthe cánach iomchuí agus a chuid oibleagáidí cánach i 2005, agus nár tuairiscíodh aon saincheisteanna chuige.

Sínithe:



Cathaoirleach CFI

Dáta:

31/12/05

Aguisín 1

Comhaltaí Choimisiún Forbartha an Iarthair 2005

Cathaoirleach

Michael Farrell Baile an Mhóta, Co. Shligigh

Comhaltaí

Mary Bohan Comhalta, Comhairle Chontae Liatroma

Mary Devine O'Callaghan Bainisteoir Oifige, Co. Ros Comáin

Tish Gibbons Rúnaí Brainse, SIPTU, Co. Mhaigh Eo

Pat Gilmore Tábhairneoir agus Feirmeoir, Co. na Gaillimhe

Billy Grimes Léachtóir, Coláiste Turasóireachta na gCealla Beaga, Co. Dhún na nGall

Greg Jackson Ceantálaí, Co. Mhaigh Eo

Des Mahon Bainisteoir Contae, Comhairle Chontae Mhaigh Eo

Martina Minogue Stiúrthóir, eTeams (International) Teo, Co. an Chláir

Pádraig Ó Caomhánaigh Gníomhaí pobail, Co. na Gaillimhe

Ray O'Donoghue Comhairle an Iarthair, Co. na Gaillimhe

Katie Sweeney Ceannasaí Ionaid, GMIT, Co. Mhaigh Eo

An Coiste Iniúchta

Cathaoirleach

Martina Minogue Stiúrthóir, eTeams (International) Teo, Co. an Chláir

Comhaltaí

Mary Devine O'Callaghan Bainisteoir Oifige, Co. Ros Comáin

Greg Jackson Ceantálaí, Co. Mhaigh Eo

Michael Farrell Baile an Mhóta, Co. Shligigh

Ray O'Donoghue Comhairle an Iarthair, Co. na Gaillimhe

Aguisín 2

Foireann Choimisiún Forbartha an Iarthair

Lisa McAllister	Príomhfheidhmeannach		
Patricia O'Hara	Bainisteoir Beartais	Theresa Higgins	Ceann Riaracháin
Deirdre Frost	Anailísí Beartais	Breda Joyce	Oifigeach Airgeadais
Helen McHenry	Anailísí Beartais	Caroline Coffey	Oifigeach Cléireachais
Pauline White	Anailísí Beartais (conradh sealadach)	Fiona Regan	Oifigeach Cléireachais
Fiona Candon	Bainisteoir Forbartha	Mary Keaveney	Oifigeach Cléireachais
Bernadette Phelan	Feidhmeannach Forbartha	Tracey Hannon, Feidhmeannach Airgeadais Sóisialta, CFI/Clann Credo Teo	
Folúntas	Feidhmeannach Forbartha		
Gillian Buckley	Bainisteoir Infheistíochta		
John Allen	Feidhmeannach Infheistíochta		
Geraldine McLoughlin	Feidhmeannach Infheistíochta		

Painéal Comhairleach an Chiste

Cathaoirleach

Michael Farrell Baile an Mhóta, Co. Shligigh Sligeach

Comhaltaí

Michael Corless* Comhpháirtí, Ernst & Young, Gaillimh

John Dillon Bainisteoir Fiontair Nua, Forbairt na Sionna, Luimneach

Judy Greene Judy Greene Pottery, Gaillimh

Billy Grimes** Léachtóir, Coláiste Turasóireachta na gCealla Beaga, Dún na nGall

Seán Hannick SB, Killala Precision Components, Maigh Eo

John MacNamara Eacnamaí, Gaillimh

Martina Minogue Stiúrthóir, eTeams International, An Clár

Willie O'Brien Ceann Luachála Tráchtála, Fiontar Éireann, Baile Átha Cliath

Katie Sweeney** Ceann Ionaid, GMIT, Maigh Eo

* Ar scor: Márta 2005

** Ceaptha: Márta 2005

Comhphainéal Meastóireachta

Cathaoirligh Imrothlacha

Gillian Buckley Bainisteoir Infheistíochta

Paul O'Sullivan Príomhfheidhmeannach, Clann Credo Teo, Baile Átha Cliath

Comhaltaí

Mary Bohan** Comhairleoir Contae, Liatroim

Jerry Butler Stiúrthóir, Clann Credo Teo, Baile Átha Cliath

Martin Coggins Príomhaí, Coggins & Company, Sligeach

Pat Cummins* Bainisteoir Saotharlainne, Connacht Gold, Ros Comáin

Tish Gibbons* Eagraí Brainse, SIPTU, Maigh Eo

Pádraig Ó Caomhánaigh** Gníomhaí Pobail, Gaillimh

Collette Stevenson Stiúrthóir, Clann Credo Teo, Baile Átha Cliath

Sue Targett Bainisteoir, Eiri Corca Baiscinn Teo, An Clár

* Ar scor: Márta 2005

** Ceaptha: Márta 2005

Aguisín 4 - Punann Tionscadail 2005

Infheistíochtaí Ceadaithe/Eisíochta/Dícheangailte i 2005

Tionscadal Ghnó			
Tionscadal	Contae	Cineál/Méid na hInfheistíochta	Stádas
AMT3D Teo Cur Síos	Maigh Eo	Cothromas - €317,000	An chéad tráinse de €158,500 eisíochta Bogearraí a tháirgeann léirshamhluithe tríthoiseacha cruinne geoiméadracha den timpeallacht thógtha
Brivant Teo Cur Síos	Gaillimh	Cothromas - €400,000	Ceadaithe Forbairt agus táirgeadh sreanga treorach a úsáidtear i ngnáthaimh mháinliachta neamhionracha
Ezo Teo Cur Síos	Maigh Eo	Cothromas - €300,000	Ceadaithe Áis fáis cluas mhara (sócama sliogéisc a bhfuil an-mheas air sa tSeapáin)
FMC Tech Teo Cur Síos	An Clár	Cothromas - €150,000	Ceadaithe Córas rialaithe/monatóireachta do ghréasáin leictreachais ar meánvoltas
Hookable Media Teo t/m Nooked Cur Síos	Sligeach	Cothromas - €100,000	Ceadaithe Soláthraí seirbhísí feidhmiúcháin trí theicneolaíochtaí Really Simple Syndication (RSS)
Keywater Fisheries Teo Cur Síos	Ros Comáin	Iasacht - €100,000	Ceadaithe Feirm éisc phéirse
MASSN Medical Teo Cur Síos	Maigh Eo	Cothromas - €250,000	An dara tráinse €80,000 eisíochta Forbairt agus déantúsaíocht uamanna máinliachta
Metamusic Teo Cur Síos	Gaillimh	Cothromas - €100,000	Eisíochta go hiomlán Forbairt bogearraí de chumadóir fuaimriain le físeán
Neutekbio Teo Cur Síos	Cathair na Gaillimhe	Cothromas - €500,000	Ceadaithe Measúnachtaí bitheolaíochta agus pacáí tástála a úsáidtear i gcóir míochaine diagnóisí agus cliniciúla

Aguisín 4 - Punann Tionscadail 2005

Infheistíochtaí Ceadaithe/Eisíochtha/Dícheangailte i 2005

Tionscadal Ghnó			
Tionscadal	Contae	Cineál/Méid na hInfheistíochta	Stádas
Proxy Biomedical Teo Cur Síos	Cathair na Gaillimhe	Cothromas - €317,000 Gaireas bith-leighis d'athchóiriú fíochán	Eisíochtha
Torc Interactive Teo Cur Síos	Dún na nGall	Cothromas - €717,000 Ardán innill rindreála 3D don tionscal cluichí ríomhairí	An dara tráinse d'infheistíocht chéad bhabhta de shuim iomlán de €117,000 eisíochtha agus infheistíocht ina dhiaidh sin de €400,000 ceadaithe
Vigisoft Teo Cur Síos	Cathair na Gaillimhe	Cothromas - €100,000 Réitigh bhogearraí géilliúlachta don tionscal eolaíochta beatha	Eisíochtha go hiomlán
Xancom Teo t/m Lightstorm Networks Cur Síos	Cathair na Gaillimhe	Cothromas - €1,000,000 Táirgí leathsheoltóra Carrier Ethernet	Eisíochtha go hiomlán
Xtender Teo Cur Síos	Dún na nGall	Cothromas - €317,000 Soláthraí bunaithe ar bhogearraí a thugann eolas tairisceana do chuideachtaí	Eisíochtha go hiomlán
Zerusa Teo Cur Síos	Cathair na Gaillimhe	Cothromas - €317,000 Cuideachta gaireas leighis a tháirgeann comhlaí haemastasais le húsáid i máinliacht neamhionrach	An dara tráinse €117,000 eisíochtha
3Touch Teo Cur Síos	Ros Comáin	Cothromas - €817,000 Córas bainistíochta comhdhála gan uaim	An dara tráinse d'infheistíocht chéad bhabhta de shuim iomlán de €167,000 eisíochtha agus infheistíocht ina dhiaidh sin de €500,000 ceadaithe

Aguisín 4 - Punann Tionscadail 2005

Infheistíochtaí Ceadaithe/Eisíochtha/Dícheangailte i 2005

Tionscadail Phobail			
Tionscadal	Contae	Cineál/Méid na hInfheistíochta	Stádas
Ballaghaderreen Community Park Teo Cur Síos	Ros Comáin	Iasacht - €25,000 Páirc phobail spóirt agus áineasa	Eisíochtha go hiomlán
Ionad Ealaíona Iorras Teo Cur Síos	Maigh Eo	Iasacht €75,000 Ionad ealaíon - saoráid ilchuspóireach	Ceadaithe
Easkey Community Council Teo Cur Síos	Sligeach	Iasacht - €40,000 Acmhainn phobail agus ionad cúram leanaí	Ceadaithe
Foxford Sports and Leisure Centre Teo Cur Síos	Maigh Eo	Iasacht - €150,000 Ionad spóirt agus áineasa á reáchtáil ag an bpobal	Ceadaithe
Recycled Products Teo Cur Síos	Dún na nGall	Iasacht - €415,000 Áis díleáite anaeróbaigh	Ceadaithe
Enniscrone Leisure Teo Cur Síos	Sligeach	Iasacht - €200,000 Páirc uisce agus clós súgartha leanaí á reáchtáil ag an bpobal	Ceadaithe
Tionscadail Speisialta			
Tionscadal	Contae	Cineál/Méid na hInfheistíochta	Stádas
Connaught Airport Development Company Ltd t/m Ireland West Airport Knock Cur Síos	Maigh Eo	Iasacht - €1,000,000 Aerfort	Eisíochtha go hiomlán
Maoiniú Mara Teo Cur Síos	Gaillimh	Iasacht - €500,000 Ciste chun tionscal feirme bradán a fhorbairt	Eisíochtha go hiomlán

Giorrúcháin Úsáidtear sa Tuarascáil seo

BMW	Border, Midland and West (Réigiún na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair)
CFI	Coimisiún Forbartha an Iarthair
CGBS	County and Group Broadband Scheme (Scéim Leathanbhanda Ghrúpa agus Chontae)
CRF	An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh
FAP	Fund Advisory Panel (Painéal Comhairleach Ciste)
IBEC	Irish Business Employers Confederation (Cónaidhm Gnó agus Fostóirí na hÉireann)
IWAK	Ireland West Airport Knock (Aerfort Iarthar na hÉireann, Cnoc Mhuire)
JEP	Joint Evaluation Panel (Comhphainéal Meastóireachta)
MMT	Maoiniú Mara Teo
PFN	Plean Forbartha Náisiúnta
NESC	National Economic and Social Council (An Chomhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta)
NOSC	National Organic Steering Committee (Coiste Stiúrtha Orgánach Náisiúnta)
SEI	Sustainable Energy Ireland (Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann)
SME	Small & Medium-sized Enterprises (Fiontair Bheaga agus Fiontair ar Mheánmhéid)
TFC	Teicneolaíocht Cumarsáide agus Faisnéise
WDTP	Western Development Tourism Programme (Clár Turasóireachta Forbartha an Iarthair)
WITW	Walking in the West (Ag Siúl san Iarthar)
WRC	Western Rail Corridor (Bealach Iarnróid an Iarthair)